

Glór Cheatharlach Féile na Gaeilge i gCeatharlach



Tá mí an-taitneamhach, suimiúil agus gnóthach i ndán do phobal Cheatharlach agus rogha mór imeachtaí ar chlár Fhéile na Gaeilge. Reachtáil Féile na Gaeilge thar mhí an Mháirta seachas Seachtain na Gaeilge mar a bhíonn ar siúl go náisiúnta. I measc buaicphointí na Féile beidh an Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, ceiliúradh na Féile Pádraig, an ceoldráma "Annie" as Gaeilge agus an Fhéile Drámaíochta i gcomhar le hAisteoirí an Lóchrainn.

Tar éis suas le tríocha iarratas a fháil tá gearrliosta na n-amhrán nuachumtha roghnaithe don chomórtas náisiúnta Amhrán Pan Cheilteach a bheidh ar siúl ins an Ostán Seven Oaks ar an Satharn, 7ú Márta ag 8.00i.n. Cuirfear na hamhráin i láthair go poiblí ag ócáid ghalánta os comhair lucht éisteachta agus painéal moltóireachta. Chomh maith le seic €1,000 a ghnóthú rachaidh an t-amhrán buachach ar aghaidh le bheith san iomaíocht ar son na hÉireann ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCathair Dhoire

um Cháisc. Le rogha leathan agus éagsúlacht iontach ar an stáitse is cinnte go mbeidh an-tóir ar an imeacht áirithe seo. Tá na ticéid @ €10 ar fáil ón Ostán Seven Oaks. Moltar áirithe a dhéanamh gan mhoill chun suíocháin a chinntiú.

I measc na n-imeachtaí dírithe ar scoileanna i rith Mhí an Mháirta beidh Spraoicheisteanna na Féile, comórtas ealaíne an arraigh, gearrscannán ar Mhícheál Ó hAnracháin, duine de laochra 1916 agus an seó stáitse "Caith Amach É!" atá dírithe ar mhic léinn ag ullmhú do Scrúdú Béil na hArdteistiméireachta. Beidh an mórshuíl ar na sráideanna ar Lá le Pádraig agus Céilí Mór san oíche. Chomh maith le fáilte a fhearadh roimh dhrámaí ó cheantair éagsúla timpeall na tíre léireoidh an complacht drámaíochta áitiúil Aisteoirí an Lóchrainn "An Gadaí Béasach" le Dario Fo ag an bhFéile Drámaíochta a reachtáilfar in Amharclann G.B. Shaw ar an Domhnach, 29ú Márta.

Féile mhór na Gaeilge mar sin i gCeatharlach a mhairfidh ar feadh míosa, Mí an Mháirta agus Mí na Gaeilge. Bí ullamh agus bain taitneamh as na himeachtaí éagsúla chun an teanga agus an cultúr a cheiliúradh. Tá an clár iomlán agus gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 087 2857048 nó seol ríomhphost chuig eolas@glorcheatharlach.ie. Is féidir clár na féile a íoslódáil chomh maith ón suíomh www.glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
taitneamhach	enjoyable
gnóthach	busy
buaicphointí	highlights
gearrliosta	shortlist
lucht éisteachta	audience
laochra	heroes
mórshuíl	parade
íoslódáil	download

SULT i gCeatharlach

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, an imeacht míosúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 26ú Feabhra sa Teach Dolmain, Sráid na Tulai, Ceatharlach. Tagann daoine le chéile ansin ar an Déardaoin deireanach de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhlúadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoín fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í seo chun an teanga a labhairt go sóisialta agus aithne a chur ar chainte-

oirí Gaeilge eile sa cheantar. Beidh fáilte faoi leith roimh fhoghlaimoirí na Gaeilge agus tabharfar deis dóibh an teanga a chleachtadh i suíomh nádúrtha. Bí ann agus fáilte!

Gluais:	Glossary:
imeacht	event
míosúil	monthly
taitneamh	enjoy
go sóisialta	socially
deis	opportunity
foghlaimoirí	learners



Pic: Daltaí na Gaelscoile ag léiriú an seó 'Annie'

An ceoldráma 'Annie' as Gaeilge

Comhgháirdeas leis na haisteoirí, ceoltóirí agus damhsóirí óga ó Cheatharlach a bhí ar ardán ag féile Coirm Gael Linn in Amharclann Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin le déanaí. Bhí Gaelscoil Eoghan Uí Thuairisc i measc ocht scoil ó chontaetha Loch Garman, Ceatharlach, Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge a léirigh seóanna den scoth ag an ócáid aonlae bhliantúil seo. Roghnaigh gach scoil téama dá seó féin, agus bhí meascán de mhíreanna le drámaíocht, ceol, amhránaíocht, scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus a leithéid i ngach ceann. Thug scoláirí ó Rang 5 i nGaelscoil Ceatharlach faoin gceoldráma 'Annie' faoi stiúir a gcuid muinteoirí Jill Ní Leathlobhair agus Clár Ní Bhriain.

Ní thagann comórtas i gceist ag Coirm Gael Linn, ach tugtar

aitheantas i bhfoirm ghradaim do dhaoine aonair, do ghrúpaí nó do mhíreanna as seónna a shroicheann ardchaighdeán ag an bhféile. Ghnóthaigh daltaí na Gaelscoile trí ghradam as léiriú iontach den gceoldráma 'Annie' ó thús deireadh, don sárchumas aisteoireachta ag an gcliar iomlán, don cheol a bhí thar barr agus do chóragrafaíocht den scoth, chomh maith le seit álainn. Anuas air sin, bronnadh cuimhneachán ar an lá ar gach uile scoláire a ghlac páirt i bhféile Coirm.

Chomh maith le bheith ar stáitse iad féin, bhí deis ag na daltaí seónna ó na scoileanna eile a fheiceáil. Agus chun cur leis an siamsaíocht, chuir an fear grinn cáiliúil, Giggles, an slua sna tríthí ag gáire lena chuid geáitsíochta idir mhíreanna. Tá Coirm Gael Linn ar an bhfód anois ó 2002 i leith,

agus é mar ócáid thábhachtach ar an bhféilire bunscoile. Cabhraíonn na seónna le spéis na bpáistí óga sa Ghaeilge a neartú agus tugtar deis dóibh í a chleachtadh lasmuigh den seomra ranga.

Beidh deis ag muintir Cheatharlach 'Annie' a fheiceáil ar an stáitse nuair a dhéanfar an seó a léiriú in Amharclann G.B. Shaw ar an Mháirt, 24ú Márta ag 11.00r.n. mar chuid de chlár Fhéile na Gaeilge. Beidh fáilte roimh chách.

Gluais:	Glossary:
aisteoirí	actors
ardán	stage
ceoldráma	musical
aitheantas	recognition
gradam	award
caighdeán	standard
cuimhneachán	memento
siamsaíocht	entertainment
cliar	cast
deis	opportunity

Scrúdú Béil na hArdteiste ar RnaG

Beidh cabhair ar fáil ar Raidió na Gaeltachta do mhic léinn agus iad ag ullmhú do scrúdú béil na hardteistiméireachta. An pearsa teilifíse Bláthnaid Ní Chobhthaigh a chuirfidh an tsraith i láthair ar an stáisiún ar feadh seachtaine i Mí an Mháirta.

Cuirfidh na cláir go mór le stór focal na ndaltaí agus clúdófar samplaí de cheisteanna a d'fhéadfaí a chur orthu le linn an scrúdaithe. Clúdófar an tsraith pictiúr agus beidh moltaí ann don rannóg comhrá. Tá an scrúdú béil an-tábhachtach agus sciar na marcanna ardaithe go dtí 40 fan gcéad le cúpla bliain anuas.

Beidh míreanna faoin litríocht atá ar shiollabas na hArd-



Bláthnaid Ní Chobhthaigh a chuirfidh an Scrúdú Béil i láthair ar RnaG

teiste clúdaithe ins na cláir freisin a chabhróidh go mór sa scrúdú scríofa chomh maith leis an scrúdú béil. Cláir leathuair a bheidh iontu, á gcraoladh gach oíche ag 8.30i.n. ó Dé Domhnaigh, 1ú Márta go dtí Dé hAoine, 6ú Márta. Beidh na cláir ar fad ar fáil freisin mar phodchraoltaí ar shuíomh Raidió na Gaeltachta.

Gluais:	Glossary:
scrúdú béil	oral examination
sraith	series
pearsa	personality
sciar	portion
míreanna	items
litríocht	literature
podchraoltaí	podcasts